Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13532/22

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0214(COD)**

CODEC 1513
AVIATION 244
COVID-19 160
CORLX 918
COEST 729

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le díolúine shealadach ó na rialacha maidir le húsáid sliotán in aerfoirt an Aontais i ngeall ar staid eipidéimeolaíoch nó fogha míleata **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Cinneadh maidir le maolú ar an tréimhse 8 seachtaine dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Phrótacal 1 a ghabhann le CFAE maidir le Ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach |

1. An 12 Iúil 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 100(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Meán Fómhair 2022[2].

3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a eisiúint.

[1] 11306/22 + COR 1.
[2] Nár foilsíodh fós san IO.

4. An 6 Deireadh Fómhair 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

5. Ag an gcruinniú a bhí aige, an 12 Deireadh Fómhair 2022, dheimhnigh Coiste na mBuanionadaithe go gcomhaontaíonn sé leis an seasamh sin agus chinn sé an méid seo leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 47/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a mhaolú, ar bhonn an dara fomhír d'Airteagal 3(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle, ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear sa chéad fhomhír den Airteagal sin, i bhfianaise na práinne atá leis an ábhar mar a leagtar amach i mbrollach an ghnímh reachtaigh.

6. Iarrtar ar an gComhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in PE-CONS 47/22 é, a fhormheas.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] 13261/22.